



Stráitéis Ógras 2022 - 2025

Fís

Is é ár bhfís go mbeadh Éire ina tír a thabharfadh tacaíocht do dhaoine óga barr a gcumais a bhaint amach, ag cruthú deiseanna le Gaeilge a labhairt agus ag baint spraoi aisti

Misean

Leis an bhfís seo a bhaint amach is é a dhéanann Ógras

- Suíomhanna a chur ar fáil a thugann misneach do dhaoine óga páirt ghníomhach a thógail i bpobal spraoiúil, comhaimseartha labhartha na Gaeilge.

Clár oibre don aos óg atá spleodrach, éagsúil agus pleanáilte a chur ar fáil trí Ghaeilge a spreagann machnamh cruthaitheach, neartú muiníne agus forbairt shóisialta.

Luchanna

Mar eagraíocht, táimid ar son na nithe seo a leanas:

A bheith oscailte agus uileghabhálach	Comhionannas ar fud na heagraíochta
An luach/tábhacht an bhaineann leis an obair dheonach	Éagsúlacht inár gcur chuige agus inár dtairiscintí
Freastal ar bhonn solúbtha ar riachtanais éagsúla daoine óga	Rannpháirtíocht agus úinéireacht daoine óga
A bheith leathanaigeanta agus gné idirnáisiúnta den eagraíocht a fhorbairt	Atmaisféar cairdiúil agus fáilteach a chruthú i ngach rud a dhéanaimid agus sa chaoi ina dtugaimid fúthu
Bród i bhféiniúlacht agus i gcultúr na hÉireann a chur chun cinn	

Tosaíochtaí

1. Cláracha Obair Óige ar ard-chaighdeán a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú i ngach club d'Ógras agus d'Óg-Ógras.

Chun é sin a bhaint amach tá pleananna cur i bhfeidhm ag teastáil do na réimsí seo a leanas:

- 1.1 Tacaíocht agus forbairt leanúnach a chur ar fáil do chlubanna Ógras agus Óg-Ógras tríd cuairteanna tacaíochta, imeachtaí réigiúnacha agus náisiúnta a Eagrú.
- 1.2 Tacú le rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga agus ceannairí ag gach leibhéal d'Ógras agus d'Óg-Ógras (ag leibhéal club, réigiún, náisiúnta agus idirnáisiúnta)
- 1.3 Forbairt, Cur i bhfeidhm agus Measúnú Cláracha
 - 1.3.1 Ceartas Aeráide
 - 1.3.2 Amuigh Faoin Aer
 - 1.3.3 Scileanna Saoil
 - 1.3.4 Cearta an Duine Óg
- 1.4 Imeachtaí Náisiúnta agus Réigiúnacha
- 1.5 Tús áite a thabhairt d'earcú agus do choinneáil dhaoine óga idir 12-18 bliana san eagraíocht. Taighde a dhéanamh ar spéiseanna agus riachtanais an aois-ghrúpa seo, agus ag brath ar thorthaí an taighde - Cláracha agus

gníomhaíochtaí cuí, chomh maith le himeachtaí réigiúnacha / naisiúnta chur ar fáil dóibh.

1.6 Daoine óga a spreagadh le bheith mar cheannairí sóisearacha i gclubanna Ógras

1.7 Daoine óga a spreagadh le bheith páirteach i gclubanna Óg-Ógras trí breis clubanna a oscailt go forleathan ar fud na tíre

2. Earcaíocht, tacaíocht, oiliúint agus líonrú do Cheannairí Deonacha

2.1 Próiséas earcaíochta fhorbairt do gach ceannaire nua agus próiséas traenála a fhorbairt do gach ceannaire a chinnteoidh go dtuigeann ceannairí a ról agus go gcuirtear clár ar ardchaighdeán ar fáil do dhaoine óga dá réir.

- a. Iniúchadh a dhéanamh ar scileanna agus inniúlachtaí gach ceannaire. An Clár Oiliúna d'Oibrithe Deonacha *Ag Tosnú Amach* de chuid an NYCI a chur i bhfeidhm gach bliain agus sula dtosnaíonn na ceannairí ag obair le club.
- b. Traenáil ar Chláracha Ógras a chur ar fáil
- c. Oiliúint ar Chumhdach Páistí

3. Plean Forbartha Idirnáisiúnta

Tacaíocht a thabhairt d'obair óige idirnáisiúnta trí Plean Eorpach a fhorbairt – malartaithe óige agus tionscnamh dírithe ar an aois ghrúpa 15+ a éascú agus leas a bhaint as na deiseanna atá ar fáil tríd:

Erasmus+
European Solidarity Corps
Colmcille

4. Ógras a fhorbairt mar eagraíocht éifeachtach le acmhainní agus cumas na gealltanais atá leagtha amach i Stráitéis 2022- 2025 a sheachadadh.

- 4.1 Cloí leis an Chód Carthanais agus le dlíthe agus ceanglais rialála eile a bhaineann le carthanas / cuideachta
- 4.2 Go mbeadh gach ceannaire ar an eolas faoin bpolasaí agus na nósanna imeachta a bhaineann le cosaint leanaí agus leas na ndaoine óga agus go mbeadh seo mar thosaíocht de gach gníomhaíocht agus clár.
- 4.3 An tsamhail airgeadais atá i bhfeidhm a thacódh le forfheidhmiú na stráitéise seo a láidriú trí foinsí éagsúla maoinithe a lorg.

- 4.4 Gníomhú mar fhostóir freagrach, ina bhfuil bainistíocht feidhmíochta agus polasaí forbartha don fhoireann san áireamh..
 - 4.5 An fheasacht i leith Ógras a mhéadú, go háirithe trí na baill agus clubanna a tharraingt isteach sna meáin shóisialta agus iad a chur i mbun tionscadail a fhorbairt ina mbíonn taithí dhearfach i gceist maidir le bheith rannpháirteach in Ógras (Daoine Ógras)
 - 4.6 Stráitéis chumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
5. Líonrú agus comhoibriú a dhéanamh le heagraíochtaí eile a roinnimid cuspóirí straitéiseacha leo lena n-áirítear Conradh na Gaeilge.

Stiúrthóir: 

Dáta: 15 Feabhra 2022